Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2026
(OR. en)

12782/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0345 (NLE)

COPEN 313
JUSTCIV 134
FREMP 344
JAI 1093

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	5 Samhain 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 594 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gairm an Dlíodóra a Chosaint, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 594 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 594 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.11.2026
COM(2026) 594 final

ANNEX 1

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gairm an Dlíodóra a Chosaint, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla

IARSCRÍBHINN 1

DEARBHÚ ÓN AONTAS EORPACH MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM AIRTEAGAL 6, MÍR 3, DEN CHOINBHINSIÚN

Measann an tAontas Eorpach ('an tAontas') nach ndéanann an Coinbhinsiún chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint difear do rialacha dhlí an Aontais lena rialaítear raon feidhme agus coinníollacha na pribhléide gairmiúla dlíthiúla is infheidhme in imeachtaí chun dlí an Aontais a fhorfheidhmiú, mar a chinntear le dlí an Aontais agus, go háirithe, mar a bhunaítear i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

DEARBHÚ ÓN AONTAS EORPACH MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM AIRTEAGAL 18, MÍR 3, DEN CHOINBHINSIÚN

Tuigeann an tAontas Eorpach ('an tAontas') go mbunóidh an Coiste Airí a ranníocaíocht le cistiú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa Saineolaithe um Chosaint na nDlíodóirí agus Choiste na bPáirtithe (GRAVO), tar éis comhaontú leis an Aontas maidir leis an ranníocaíocht sin a ríomh, agus é á chur san áireamh go n-aontaíonn an tAontas don Choinbhinsiún chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint in éineacht lena Bhallstáit.

DEARBHÚ ÓN AONTAS EORPACH I GCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 19 DEN CHOINBHINSIÚN

I gcomhréir le hAirteagal 19, mír 1, den Choinbhinsiún chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint ('an Coinbhinsiún'), sonraíonn an tAontas Eorpach leis seo go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún, i ndáil leis an Aontas, maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag Conarthaí an Aontais de bhun Airteagal 52 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus faoi na coinníollacha a leagtar síos, *inter alia*, in Airteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Go háirithe, agus an Prótacal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, á chur san áireamh, tugann an tAontas Eorpach dá aire nach bhfuil an Coinbhinsiún, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla, infheidhme maidir leis an Danmhairg. [Thairis sin, agus an Prótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, á chur san áireamh, tugann an tAontas Eorpach dá aire nach bhfuil an Coinbhinsiún maidir le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla infheidhme maidir le hÉirinn.]

DEARBHÚ ÓN AONTAS EORPACH I GCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 20 DEN CHOINBHINSIÚN

I gcomhréir le hAirteagal 20(1) den Choinbhinsiún chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint ('an Coinbhinsiún'), dearbhaíonn an tAontas Eorpach ('an tAontas'), chun críocha Airteagal 3, fomhír a, den Choinbhinsiún, go gciallóidh dlíodóir aon duine nádúrtha atá cáilithe agus údaraithe chun gairm an dlíodóra a chleachtadh faoi cheann de na teidil ghairmiúla dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), de Threoir 98/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 chun cleachtas ghairm an dlíodóra a éascú ar bhonn buan i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuarthas an cháilíocht agus nach bhfuil faoi cheangal ag a chliant trí chaidreamh fostaíochta.

FORCHOIMEÁDAS AN AONTAIS EORPAIGH I GCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 21 DEN CHOINBHINSIÚN

Dearbhaíonn an tAontas Eorpach ('an tAontas') leis seo go bhforchoimeádann sé an ceart gan na forálacha a leagtar síos in Airteagal 6, mír 1, fomhíreanna b, c agus i, den Choinbhinsiún

chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint (‘an Coinbhinsiún’) a chur i bhfeidhm maidir le gníomhairí a dhéanann ionadaíocht ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, atá aitheanta, i gcomhréir le hAirteagal 2, mír 3, fomhír b, den Choinbhinsiún, ag cúirt nó binse idirnáisiúnta, nó ag comhlacht arna bhunú ag eagraíocht idirnáisiúnta, mar chomhlacht atá inniúil chun gníomhú in imeachtaí os a chomhair le linn dó comhairle a thabhairt maidir leis na himeachtaí sin nó gníomhú iontu.